**MMR**
**Bileog Eolais do Thuismitheoirí**

## Cad is MMR ann?

Tugann an vacsaín MMR cosaint dod' leanbh i gcoinne: an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg (tugtar an bhruitíneach Ghearmánach ar seo freisin). Spreagann an vacsaín an córas imdhíonta chun cosaint a thógáil i gcoinne na ngalar seo.

> Fíric maidir le MMR
> Níl an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg chomh coitianta is a bhíodh ó cuireadh an vacsaín isteach ar fáil. Mar sin féin, d'fhéadfadh ráigeanna a bheith ann fós mura bhfuil leanaí vacsaínithe.

## Cad is bruitíneach, leicneach agus an bhruitíneach dhearg ann?

Galair víreasacha is ea an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg agus tá siad thar a bheith tógálach. Scaiptear na víris seo ó dhuine a bhfuil an galar air/uirthi do dhuine atá gan aon chosaint ina gcoinne.

| | **Comharthaí Sóirt Coitianta** | **Deacrachtaí a d'fhéadfadh tarlú** |
|---|---|---|
| Measles | Fiabhras, casacht, súile dearga agus pianmhara agus gríos | Bíonn ionfhabhtú cluaise ar 1-25 duine a bhfuil an bhruitíneach orthu. D'fhéadfadh duine as 25 niúmóine nó broincíteas a tholg. |
| Leicneach | Faireoga ata painmhara faoin ngiall agus fiabhras | Beidh meiningíteas víreasach ar 1-20. Beidh magairlí ata ar 4 –10 fear a tholgann na bruitíní. D'fhéadfadh 1-20,000 a bheith bodhar mar thoradh air |
| An Bhruitíneach Dhearg | Fiabhras, faireoga ata pianmhara agus gríos | Má tholgann bean thorrach an bhruitíneach dhearg go luath ina toirchis, d'fhéadfadh éalang beirthe tromchúiseacha a bheith ar an leanbh, ina measc: daille, damáiste inchinne, bodhaire, fadhbanna croí agus deacrachtaí tromchúiseacha eile. |

> Fíric maidir leis an Bhruitíneach
> Gach bliain, cailltear 1-2,000,000 páiste de bharr na bruitíní timpeall an domhain.

## Cé ba chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil?

Tugtar an vacsaín MMR do leanaí ag 12 mhí d'aois.

Ba chóir do pháistí an dara dháileog a fháil ag 4-5 bliana d'aois. An fhoireann imdhíonta scoile de chuid FnaSS a thugann an dáileog seo ar scoil de ghnáth. I gceantair áirithe, is iad dochtúirí teaghlaigh na leanaí a thugann an dáileog seo.

Tá dhá dháileog den vacsaín MMR de dhíth chun an chosaint is fearr a fháil.

**Cad leis a mbeifeá ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?**

I ndiaidh an vacsaínithe, d'fhéadfadh míchompord, deargadh nó at a bheith san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh cantal agus fiabhras a bheith orthu.
Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dóibh. Ba chóir duit neart a thabhairt dóibh le n-ól chomh maith. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-the agus nach bhfuil a gcuid éadaí ag cuimilt i gcoinne na háite ar tugadh an t-instealladh.
Tar éis 6 go 10 lá, d'fhéadfadh 1 - 20 leanbh an "mion-bhruitíneach" a tholg, le gríos agus fiabhras. D'fhéadfadh 1-100 leanbh "mion-leicneach" a fháil, at sa ngiall sa tríú seachtain i ndiaidh an vacsaínithe. Níl siad seo tógálach. Tagann biseach ar na leanaí tar éis lá nó dhó i ndiaidh na bhfo-iarsmaí seo.

**An bhfuil daoine ann nár chóir dóibh an vacsaín MMR a fháil?**

Tá fíor-bheagán daoine ann nár cheart dóibh an vacsaín MMR a fháil. Níor chóir do leanbh an vacsaín a fháil sa chás go raibh fíor-fhrithghníomh ailléirgeach (anaifiolacsas) acu i gcoinne vacsaíne MMR roimhe seo nó i gcoinne aon chuid den vacsaín.

Ba chóir duit an vacsaíniú a chur ar athló má tá do pháiste:

- tinn le fiabhras
- i ndiaidh vacsaín beo eile a fháil, m.sh. an vacsaín BCG le ceithre sheachtainí anuas
- ag glacadh dáileoige ard stéaróidigh
- ag fáil aon chóireáil leighis ar nós ceimiteiripe nó radaiteiripe
- ag fáil cóireála le h-ungadh Protopic i gcomhair eachma dhona
- ag fulaingt le tinneas nó galar a ghoileann ar an gcóras imdhíonta

Má tá tú buartha faoi do leanbh, labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó leis an altra sláinte poiblí.

**An chóir do mo pháiste an vacsaín a fháil má tá ailléirge aige/aici i gcoinne uibheacha?**

Ba chóir. Is féidir le páistí a bhfuil ailléirge acu i gcoinne uibheacha an vacsaín MMR a fháil. Má tá imní ort faoi ailléirge thromchúiseach i gcoinne uibheacha, labhair le do dhochtúir teaghlaigh.

**An bhfuil nasc idir an vacsaín MMR agus uathachas nó galar putóige?**

Níl. Tá go leor taighde ann a léiríonn nach bhfuil aon nasc idir an vacsaín MMR agus uathachas, galar putóige nó hipirghníomhaíocht.

Chun tuilleadh eolais a fháil

• Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra sláinte poiblí.

- Faigh cóip de ''Imdhíontaí do Pháiste – Treoir do Thuismitheoirí'' atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.
- Féach ar www.immunisation.ie nó www.hspc.ie .